



Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

**ACHT NA
DTEANGACHA
OIFIGÚLA 2003
SCÉIM TEANGA**

2017 - 2020

Clár na nÁbhar

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra.....	3
Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman.....	4
Caibidil 3: Sonraí ar sheirbhísí ar fáil trí Bhéarla amháin nó go dátheangach.....	5
Caibidil 4: Ag Feabhsú ar Soláthar Seirbhísí teanga trí Ghaeilge.....	6
Caibidil 5: Ag Feabhsú ar Sholáthair seirbhísí teanga trí Ghaeilge sa Ghaeltachta.....	10
Caibidil 6: Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge.....	12
Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú	15
Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....	16
Aguisíní.....	17

Caibidil1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthroidh siad

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntíú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman á threorú ag an bpriónsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge;
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ó 15 Bealtaine 2017 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

2.1 Misean agus Aidhmeanna

Is comhlachas reachtúil é Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (Bord Oideachais agus Oiliúna P.L. agus L.G.) ag a bhfuil a struchtúr chorparáideach féin aige. Bunaíodh é agus rialaitear é faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna P.L. agus L.G. raon chuimsitheach seirbhísí Oideachais agus Oiliúna ar fud contaetha Phort Láirge agus Loch Garman agus is é an soláthraí oideachais dara leibéal, breisoideachais agus oiliúna is mó i gContae Phort Láirge agus i gContae Loch Garman é.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Is i gcroílár a sholáthar oideachais agus oiliúna a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman an fhoghlaím agus an foghlaimeoir. Is soláthar deiseanna forbartha d'oiliúint agus d'oideachas do gach aon duine i bPort Láirge agus i Loch Garman sprioc na heagraíochta. Éascaíonn sé seo dul chun cinn i dtreo deiseanna fostáiochta nó i dtreo dul chun cinn oideachasúil rud a thacaíonn leis an duine aonair agus leis an bpobal mór.

2.3 Príomhsheirbhísí

Cuimsíonn soláthair oideachais agus oiliúna Bord Oideachais agus Oiliúna P.L. agus L.G. scoileanna dara leibhéal, Coláistí Oideachais d'Aosaigh agus raon mór ionaid oideachais agus oiliúna d'Aosaigh agus breisoideachais a seachadaíonn cláracha oideachais agus oiliúna. Leis san soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna P.L. agus L.G. do Sheirbhísí Oideachais agus Óige Allamuiugh agus Oideachas trí mheán na Gaeilge i nGaeltacht na nDéise.

2.4 Custaiméirí agus Claint

Is custaiméirí, geallsealbhóirí agus claint de chuid Bhoird Oideachais agus Oiliúna P.L. agus L.G. iad daltaí, foghlaimeoirí, tuismitheoirí, caomhnóirí, múinteoirí, teagascóirí, baill foirne riarracháin agus baill foirne tacaíochta na scoileanna, sna hionaid Breisoideachais agus oideachas d'Aosaigh, sna hionaid oiliúna agus i gcláracha eile a sholáthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna P.L. agus L.G. I measc na geallsealbhóirí eile tá: an pobal áitiúil; Ranna Rialtais; Údarás Áitiúla; Seirbhísí Oibre don Aos Óg; Gníomhaireachtaí Deonacha; Seirbhísí Breisoideachais agus Breis-oiliúna; agus grúpaí pobail – Gaeltacht na ndéise san áireamh. Tá soláthrú seirbhísí d'ardchaighdeán do gach duine d'ár gcustaiméirí agus geallsealbhóirí go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta rí-thábhachtach do Bhord Oideachais agus Oiliúna P.L. agus L.G. Tá sé riachtanach go bhfuil slite cumarsáide éifeachtacha ann do gach duine agus ba cheart dóibh seo a bheith

cóir, oscailte, ceisteach agus soiléir sa tslí ina oibrímid agus sa tslí ina ndéanaimid teangbháil leis na geallsealbhóirí ar fad.

Caibidil 3: Sonraí seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach

Sonraí seirbhísí a chuirtear ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach i mbéarla agus i ngaeilge; san áireamh ar seo **seirbhíse sna ceantair Ghaeltachta**.

Soláthar Seirbhísí ar Fáil Faoi Láthair		
Seirbhísí (Ginearálta)	I mBéarla amháin	Go dátheangach, (i mBéarla agus i nGaeilge) nó i nGaeilge amháin
lar-bhunscoileanna	Tá gach scoil riaraithe trí Bhéarla seachas Meánscoil San Nioclás sa Rinn	Meánscoil San Nioclás, an Rinn Gaeilge amháin
Ógtheangbháil, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais, Ionaid Oideachais d'Aosaigh, Ionaid Oideachais Allamuiugh,	Tá gach ionad riartha trí Bhéarla	
Oifigí Riarracháin	Feidhmíonn gach oifig riarracháin trí Bhéarla	
Ard Chaomháin, Loch Garman	Gach Seirbhís	
Port Láirge	Gach Seirbhís	
Dún Garbhán		Ceisteanna - Oideachas d'Aosaigh
Ionad Oiliúna agus Seirbhísí Oiliúna	Gach Seirbhís	
Seirbhísí ar Fáil sa Ghaeltacht	I mBéarla amháin	Go dátheangach, (i mBéarla agus i nGaeilge) nó i nGaeilge amháin
Oideachas lar-bhunscoile, Litearthacht d'Aosaigh agus oideachas pobail, Breacadh		Gaeilge amháin

Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.

Modh Cumarsáide leis an bPobal	Gealltanás		
Fógraí réamhthaifeadta ó Bhéal	<p>Beidh na fógraí réamhthaifeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta. (b) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. (c) Cuirfear fógraí ó bhéal a chruthaítéar agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. <p>Tabhair faoi deara gur fógraí ‘taifeadta’ seachas fógraí ‘beo’ a bhaineann le hábhar anseo.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfear an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanann nó ar a shon.</p>	Éigeantach	
Cumarsáid i Scríbhinn	Litreacha agus Post leictreonach	Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	
	Stáiseanóireacht	Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítéar nóta-pháipéar, duillíní deamháine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	
Comharthaí	Comharthaí	Ní mór an chomharthaíocht uilig a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008).	Éigeantach
Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus	Éigeantach

		ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	
	Ciorclán / Cora Poist	I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gCeantar Gaeltachta i ngnó oifigiúla	Éigeantach

	Modh Cumarsáide leis an bPobal	Gealltanás	Amlíne: Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3
Cumarsáid Béil	<u>Fáiltiú</u>	Beannófar roimh chustaiméirí i dtosach báire i nGaeilge agus ansin i mBéarla. Cuimsíonn sé seo gach pointe iontrála sna oifigí riarracháin, scoileanna agus ionaid.	Sna trí oifig riarracháin i mbliain 1 Sna scoileanna ar fad faoi bhliain 2 Sna hionaid ar fad faoi bhliain 3
	<u>Seirbhís Duine le Duine/Chuntair</u>	Cuirfear liosta chun dáta ar fáil de bhaill foirne atá in ann seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge	Beidh an liosta ar fáil faoi bhliain 1
	<u>Lasc-chláir</u>	Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla.	Sna trí oifig riarracháin i mbliain 1 Sna scoileanna ar fad faoi bhliain 2 Sna hionaid ar fad faoi bhliain 3
	<u>Cumarsáid</u>	Cuirfidh baill foirne dhátheangacha	Sna trí oifig

	<u>ghutháin leis an bpobal</u>	custaiméirí ar an eolas go bhfuil siad sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge má theastaíonn.	riarachán i m bliain 1 Sna scoileanna ar fad faoi bliain 2 Sna hionaid ar fad faoi bliain 3
	<u>Fógraí réamhthaifeadta ó Bhéal</u>	Spreagfar baill fairne chun a mbeannaithe pearsanta réamhthaifeadta guthán a bheith i bhfoirm dhátheangach.	Sna trí oifig riarachán i m bliain 1 Sna scoileanna ar fad faoi bliain 2 Sna hionaid ar fad faoi bliain 3
	<u>Fógraí Beo</u>	Beidh ábhar na bhfógraí beo dátheangach.	Ag deireadh bliain 1
	Eile		
	<u>Bileoga Eolais/Bróisiúir</u>	Beidh leagan dátheangach nó Gaeilge ar fáil de na bileoga eolais agus na bróisiúir is mó a úsáidtear. Beidh an chuid eile le hábhar oriúnach Gaeilge.	I mbliain 1
	<u>Foirmeacha iarratais</u>	Beidh leagan dátheangach nó Gaeilge ar fáil de na foirmeacha iarratais is mó a úsáidtear. I dtaca le foirmeacha iarratais eile chuirfí leagan dátheangach nó Gaeilge ar fáil tar éis coicíse.	I mbliain 1
	Eile	Beidh na foirmeacha iarratais nua ar fad le fáil i nGaeilge Beidh gach cáipéisfacht i gceantar Gaeltachta le fáil i nGaeilge	Ó thosach na scéime.
Meáin	<u>Preaseisiúintí</u>	Beidh preaseisiúintí i gceantracha Gaeltachta i nGaeilge amháin (seachas nuair is iad muintir an phobail gan Ghaeilge atá mar sprioc aige). I gceantracha galltachta eiseofar preaseisiúintí le hábhar Gaeilge.	I mbliain 1
	<u>Urlabhairithe na Meán</u>	Beidh urlabhraí/urlabhairithe Gaeilge i gcomhar le polasaí Bhord Oideachais agus	I mbliain 1

		Oiliúna P.L. agus L.G. ar fáil i gcomhair agallamh leis na meáin Ghaeilge.	
	<u>Óráidí</u>	Beidh ábhar Gaeilge in óráidí Béarla. Bheifí ag súil anseo go gcuimseofaí beannachtaí tosaigh agus deiridh óráide mar aon le tagairtí anonn is anall i nGaeilge d'ábhar agus/nó d'ócaid na hóráide, ar a laghad.	I mbliain 1
	Eile	Beidh gach óráid Bord Oideachais agus Oiliúna P.L agus L.G sa Ghaeltacht i nGaeilge amháin.	I mbliain 1
Teicneolaíocht Faisnéise	<u>Ríomhphoist</u>	Beidh gnáth-theachtaireachtaí ríomhphoist - séanadh mar shampla dátheangach. Bliaín 1	I mbliain 1
	<u>Suíomhanna Idirlín</u>	Beidh an t-ábhar seasta ar an leathanach baile ar an suíomh idirlín Ar fáil go dátheangach agus féachfar le tuilleadh leathanaigh dátheangacha a phorbairt ar bhonn leanúnach.	I mbliain 1
	<u>Córais Ríomhaireachta</u>	Beidh córas ríomhaireachta nua ar bith a síúteálfar ábalta déileáil leis an nGaeilge ón am a síúteáltaí é.	I mbliain 1
	<u>Seirbhísí Idirghníomhacha</u>	Cuirfear gach seirbhís nua ar líne agus idirghníomhach ar fáil ar bhonn dátheangach ón am a síúteáltaí é.	I mbliain 1
	Eile	Beidh ráiteas fáiltithe an Príomhfheidhmeannaigh ar an suíomh idirlín Boird ar fáil go dátheangach agus dearbhófar tiomantas an Bhoird do chur i bhfeidhm ghealltanais scéim an Bhoird san fháiltiú sin.	I mbliain 1
Gaeltacht	<u>Cruinnithe</u>	Nuair a theastaíonn, tionólfar cruinnithe sa Ghaeltacht i nGaeilge, le haistriúchán comhuaineach i mBéarla, mar is cuí. Cuirfear fáilte roimh ionchur i nGaeilge agus i mBéarla ag cruinnithe poiblí a eagraíonn an comhlacht poiblí nó a eagraítear thar a cheann.	Ar bhonn leanúnach
	Eile		

Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht

Ag feabhsú soláthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta agus ag cinntiú go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge in oifigí suite sa Ghaeltacht faoi dháta áirithe.

Gealltanais sa Ghaeltacht

Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht	Gealltanás	Amlíne: Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3
Tá gach seirbhís de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna P.L. agus L.G. sa Ghaeltacht ina cheantar feidhme ar fáil trí mheán na Gaeilge amháin	Cuirfidh an Bord Polasaí Teanga don Ghaeilge i dtaca le Oideachas sa Ghaeltacht le chéile. Deimhneoidh an bord a ghealltanás i dtaobh na bpolasaithe seo ag a chruinníú oifigiúil agus athdheimhneoidh an Príomhfheidhmeannach an gealltanás seo ina (h)aitheasc fáilteach ar shuíomh idirlín Bord Oideachais agus Oiliúna P.L. agus L.G.	Ag dheireadh na chéad bhliana den scéim
	Aithníonn Bord oideachais agus Oiliúna P.L. agus L.G. go bhfuil riachtanais teanga ar leith ag Pobail Gaeltachta. Déanfaidh an Bord gach iarracht chun a chinntiú go gcuirfí gach seirbhís a bhaineann leis an Ghaeltacht ar fáil trí mheán na Gaeilge, arna thosnú le linn na chéad bhliana dá scéim teanga.	Go leanúnach
	Ní bheidh droch-thionchar ag aon Pholasáí/tionscnaíocht/ chlár nua ag Bord Oideachais agus Oiliúna P.L. agus L.G. ar an nGaeltacht agus ní dhéanfaidh siad aon díobháil do thréithe chultúrtha agus teanga sainiúla na Gaeltachta. Déanfaidh an Bord gach rud gur féidir leis chun na tréithe san a chothú agus a neartú.	Go leanúnach
	I dtaobh logainmneacha Gaeltachta, úsáidfidh an Bord an leagan oifigiúil i gcónaí.	Go leanúnach
	Á chur i bhfeidhm le linn beatha a chéad scéim teanga cinnteoidh an Bord go mbeidh an Ghaeilge mar theanga feidhme in aon ceann dá scoileanna/ionaid/oifigí nach amhlaidh atá an cás ann faoi láthair.	Go leanúnach
	Á chur i bhfeidhm le linn beatha a chéad scéim teanga, déanfaidh an Bord dianiarach rúnaithe agus gach fostá eile a fhostú ina oifigí Gaeltachta (scoileanna agus ionaid oideachais aitheanta eile) a bheidh ar a gcumas déileáil le baill den phobail ar mhian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.	Go leanúnach
	Cuirfear gach doiciméadach a bhaineann leis an	Go leanúnach

	nGaeltacht ar fáil trí Ghaeilge amháin, nó go dátheangach.	
	Déanfaidh an Bord dianiarach gach cruinníú don phobal Gaeltachta a reáchtáil trí mheán na Gaeilge.	Go leanúnach
	Á chur i bhfeidhm le linn beatha a chéad scéim teanga, déanfaidh an Bord dianiarach duine sainiúil (Timire Gaeilge) a fhostú nó foireann riarrachán ar a mbeadh dúglas orthu i leith Gaeltacht an Bhoird / Soláthair Gaeloideachais. Ofrálfar an oiliúint chaoi don fhoireann roghnaithe sin ionas go bhfaigheadh sé a bheith inniúil ó thaobh na teanga de chun seirbhísí éifeachtach a ofráil trí mheán na Gaeilge.	Ag tosnú le linn saol na céad scéime teanga
	Ó thaobh Scoileanna agus ionaid oideachais aitheanta sa Ghaeltacht, déanfaidh an Bord dianiarach, i ngach slí gur féidir, chun foireann múinteoirreachta atá ar a gcumas an curaclam iomlán de roghanna ábhair a chur ar fáil go héifeachtach trí mheán na Gaeilge.	Go leanúnach

An Ghaeilge mar theanga oibre sna hoifigí lonnaithe sa Ghaeltacht

Gealltanás	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3
Tá Bord Oideachais agus Oiliúna P.L. agus L.G. tiomnaithe le cinntiú go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre i ngach oifig atá lonnaithe sa Ghaeltacht agus Oibreoidh sé i dtreo an sprioc seo a bhaint amach sa scéim seo agus i scéimeanna eile sa todhchaí.	Go leanúnach
Déanfar aon chumarsáid le pobail na Gaeltachta trí Ghaeilge nó go dátheangach.	ó thosach na Scéime
Faoi láthair tá Meánscoil San Nioclás ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.	

Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge

6.1 Earcaíocht

Is é earcú fairne le scileanna cumasacha Gaeilge i ngach réimse d'obair Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhs a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasáí earcaíochta, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá chun inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, ar fáil do gach ball fairne chun a chinntí go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		Gealltanás	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3
Feabhsú ar chumas Gaeilge	<u>Earcaíocht</u>	Tabharfar cóip dár scéim chomhaontaithe do bhaill nua fairne láithreach.	Ó thús na Scéime
	<u>Oiliúint</u>	<p>Cuirfear deiseanna ar fáil chun líofacht teanga d'fhoireann a forbairt. Beidh Socruithe cuí a dhéanamh maidir le soláthar oiliúint teanga agus tástáil inniúlachta creidiúnaithe don fhoireann chun:</p> <ol style="list-style-type: none">1. tacú leis an bhfoireann chun a líofacht sa Ghaeilge a choimeád.2. forbairt a chur ar chumas na fairne a n-oibleagáidí agus a riachtanais Ghaeilge i gcur i gcrích a ndualgas a chomhlíonadh, agus3. córas tástála inniúlachta creidiúnaithe a chur ar fáil don fhoireann.	Ó thús na Scéime

		Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga ar possibilità: www.focal.ie , www.focloir.ie , www.breis.focloir.ie , www.abair.ie , chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill.	
	<p><u>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a chur ar fáil</u></p>	<p>Beidh an fhoireann ar an eolas faoi choinchéap an chomhaontaithe réamhghníomhaigh – ag tairiscint seirbhísí go réamhghníomhach don phobal.</p> <p>Éascófar rochtain ar eolas maidir le hacmhainní teanga.</p> <p>Tairgfeart agus dreasófar forbairt ghairmiúil leanúnach chuí d'fhoireann riarrachán an Bhoird chun an leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge a neartú.</p> <p>Cinnteoidh ár leabharlann inmheánach go mbeidh leabhair agus ábhair eile i nGaeilge ar fáil mar acmhainn don fhoireann chun a gcumas Gaeilge a fheabhsú.</p>	Go leanúnach
	Eile	<p>Cuirfear póstaer chearta teanga (ar fáil ó Oifig an Choimisiúna Teanga) ar crochadh in áit shuntasach i ngach oifig riarrachán/gach scoil agus gach ionad aitheanta oideachais agus oliúna.</p> <p>Tionscnófar suirbhé foirne lena leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge a thomhais, ina dtabharfar deis dóibh iad féin a rangú ó Líofa nó An-mhaith nó Maith nó Réasúnta nó Lag.</p> <p>Iarrfar ceist ar fhoirmeacha iarratais fostáiochta le BOOPL maidir le hinniúlacht iarratasóra sa Ghaeilge agus curfear ceist amháin ar a laghad as Gaeilge ag am agallamh roghnúcháin nuair atá sé cuí don phost faoi mheas.</p>	Ó thús na Scéime

6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Tá na poist liostálte thíos sainithe mar phoist a mbaineann riachtanas inniúlachta Gaeilge leo. Tá sé i gceist go mbeidh caighdeán shonraithe chreidiúnaithe sa Ghaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo i gcomhréir le cúram an phoist. Nuair a bhí na poist seo á sainiú, tugadh aird ar leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht ach ar pobail Ghaeltachta agus/nó Ghaeilge mórán dá mbonn custaiméirí.

Teideal an Phoist	Láthair	An pobal Gaeltachta/Gaeilge ar a bhfuiltear ag freastal	Comharthú den chaighdeán Gaeilge a theastaíonn (roghnaigh ceann: tosaitheoirí, meánleibhéal nó ardleibhéal)
Príomhoidí, Príomhoidí Tánaisteacha stiúrthóirí, bainisteoirí, Comheagráithe agus gach post múinteoireachta	Scoileanna, ionaid aitheanta agus seirbhísí eile Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman.	An Pobal Gaeltachta a fheidhmíonn faoi shainchúram an Bhoird.	Inniúlacht léirithe i nGaeilge labhartha agus scríofa.
Rúnaithe, feighlithe láthair, Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus postanna riaracháin eile	Scoileanna, ionaid aitheanta agus seirbhísí eile Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman.	An Pobal Gaeltachta a fheidhmíonn faoi shainchúram an Bhoird.	Inniúlacht léirithe i nGaeilge labhartha agus scríofa.

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus a f(h)oireann Bhainistíochta Shinsearaí monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim ar bhonn rialta. Is é/í an Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha an duine teangbhála don scéim.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.

Caibidil:8 Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus curfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Feadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint ag an bhfailtiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostú in áit ina mbeidh siad le feiceáil go soiléir ar ár suíomh gréasáin;
- curfimid in iúl ar threoirlínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisiún Teangeolaíochta.

Is é an leagan Béarla an leagan oifigiúil den scéim seo.

Aguisíní

Ag éirí as glao ar aighneachtaí ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI), is mian le Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman a aithint go bhfuarthas aighneachtaí ó na heagraíochtaí/daoine seo a leanas:

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Gaelscoileanna Teo.

Peadar Mac Fhlannchadha, Brainse Maigh Cuilinn de Conradh an Gaeilge, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe.

Éamonn Ó Tuathail, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Micheál Ó Leidhin, Co. Chiarraí)